Duanaire i láimh an údair: Filíocht Eoghain Ruaidh Mhic An Bhaird i Leabhar Inghine Í Dhomhnaill

Pádraig A. Breatnach

Celtica 33 (2021), 307–323

DOI: 10.58480/SCS-x6xpd-w4mxb

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

DUANAIRE I LÁIMH AN ÚDAIR: FILÍOCHT EOGHAIN RUAIDH MHIC AN BHAIRD I LEABHAR INGHINE Í DHOMHNAILL

Achoimre

Dírítear aird san alt seo ar shraith dánta leis an bhfile Eoghan Ruadh Mac an Bhaird atá scríofa i dteannta a chéile i mír amháin de Leabhar Inghine Í Dhomhnaill (KBR 6131–33, fol. 22–27), agus áitítear gur autograf i láimh údair na ndánta atá sa scríbhinn. Bunaítear an argóint ar chomparáid phailéagrafaíochta idir peannaireacht na ndánta agus dhá sholaoid eile de láimh Mhic an Bhaird a aithníodh cheana féin, ceann díobh sa lámhscríbhinn chéanna (ar fol. 28) (Breatnach 2001), agus an ceann eile i measc chnuasach na mBráthar Mionúr sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD-OFM A 14, fol. ix) (Breatnach 2008). Neartaíonn an ardcháilíocht théacsúil a bhaineann le cóipeanna na ndánta sa scríbhinn le fianaise na peannaireachta.

1.

Aicme scríbhinní ar leithligh in annála na seachadaíochta liteartha is ea an chuid acu a tháinig anuas i lámha na n-údar a chum iad. Nuair is údar cáiliúil a bhíonn i gceist bíonn luach speisialta lena scríbhinn mar chuimhniú míos ar an té sin. Más scríbhinn í a bhfuil ceartúcháin nó leasuithe nach iad scríofa isteach ag an údar inti bíonn tairbhe mór eile le háireamh léi, ina cáilíocht mar fhianaise ar intinn an scríbhneora le linn na cumadóireachta, nó ar an bpróiseas cruthaitheach féin, mar is féidir a rá. Tá samplaí tábhachtacha de scríbhinní den chineál seo ón traidisiún Gaeilge scrúdaithe agam sa leabhar *The Four Masters and their Manuscripts* (Breatnach 2013) i gcomhartha dul amach ar an bpróiseas cumtha a bhain le saothair na bhfear léannta úd, Annála Ríoghachta Éireann ina measc. Staidéar eile a bhfuil an cineál anailíse céanna mar aidhm leis is ea *On the Ó Cléirigh Recension of Leabhar Gabhála* ina bhfuil leagan óna láimh féin den Leabhar Gabhála a réitigh Cú Coigcríche Ó Cléirigh mionphléite (Breatnach 2010).[1]

Tá scríbhinní éagsúla na gCeithre Máistrí eisceachtúil ó thaobh stádais agus scála dhe sa traidisiún Gaeilge dar ndóigh, agus is saothair staire iad seachas scríbhinní liteartha sa ghnáthchiall. Nuair a chasaimid i dtreo litríocht na véarsaíochta sa Ghaeilge, níl an soláthar scríbhinní a tháinig anuas i lámha

[1]Le cois an dá shaothar ainmnithe feic chomh maith a bhfuil de thrácht ar scríbhinn nua-aitheanta próis óna láimh féin le hEoghan Ruadh Mac an Bhaird san alt a bhfuil tagairt dó thíos ar lch 315 (Breatnach 2008).

 © Dublin Institute for Advanced Studies

na n-údar a cheap iad in aon ghiorracht do bheith chomh toirtiúil leis an ábhar staire sin. Ní nach iontach is líonmhaire go mór a bhfuil ar fáil d'ábhar dá leithéid ón 18ú agus ón 19ú haois — amhráin an traidisiúin aiceanta a bhíonn i gceist — ná ó aon tréimhse is luaithe ná í. Ar na húdair idir 1700–1850 a bhfuil saothair dheimhnithe leo tagtha slán chugainn i riocht autograf tá na máistrí móra Muimhneacha Eoghan Ó Caoimh, Aodh Buí agus Aindrias Mac Cruitín, Piaras Mac Gearailt, Uilliam Mac Cairteáin an Dúna, Seán na Ráithíneach Ó Murchú, Eoghan Rua Ó Súilleabháin, agus Mícheál Ó Longáin. Má fhágtar Seán na Ráithíneach as áireamh ón liosta sin (de bhrí gur eisceacht é a bhfuil suas lena leath dá shaothar iomlán san imleabhar cáiliúil óna láimh atá i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, LS G 321), níl le fáil scríofa ina láimh féin ó aon údar eile dá bhfuil ainmnithe, formhór an ama, ach dán aonair nó cúpla dán. Ach dá laghad é an soláthar, níl aon chás orthu ná gur fiú é a scrúdú go cáiréiseach mion mar bhunfhoinse eolais ar phróiseas na cumadóireachta, fiú amháin muna mbeadh á chuardach sa scríbhinn ach tuiscint níos cruinne ar aigne an fhile maidir le láimhseáil na meadarachta aiceanta féin, mar shampla, gan trácht ar aon ghné eile den ghníomh cruthaitheach a bhíonn ar taispeáint.

Ag díriú aird i dtreo an chineál filíochta a shaothraigh an té a bhfuil a ainm luaite i dteideal an pháipéir seo — filíocht an traidisiúin chlasaicigh — is ar éigin más gá a shuíomh nach bhfuil ach fíorbheagán dánta den aicme sin tar éis teacht anuas i bpeannaireacht na n-údar a chum. File amháin a bhfuil saothar leis seachadta i gcóip óna láimh féin is ea an Gael Albanach ón 17ú haois Cathal Mac Muireadhaigh. Tá leathchéad éigin bliain ó shin ó chuir David Greene (nach maireann) dán díreach a chum an file sin in eagar ó chóip autograf, *Sona do cheird, a Chalbhaigh* (15 r.), agus — iontas na n-iontas — is é seo a bhí le rá ag an bhfear eagair ag trácht dó ar cháilíocht an téacs a fuair sé roimhe sa lámhscríbhinn:

> 'The text presents many difficulties, the most important of which is that in several places it departs from strict metre, which is the more surprising when we consider that Cathal was capable of writing correctly.' (Greene 1968: 51)[2]

Ar an mbeagán beag solaoidí eile atá againn de shaothair ó lámha lucht a gcumtha tá cóip den dán cáiliúil úd leis an bhfile Eoghan Ruadh Mac an Bhaird, *Dána an turas trialltar sonn*, a scríobh sé ar dhuilleog den lámhscríbhinn ar a dtugtar 'Leabhar Inghine Í Dhomhnaill'; agus tá tuaiplisí meadarachta agus lochtanna eile nach iad tugtha faoi deara i dtéacs na cóipe sin chomh maith is atá i gcóip an dáin le Mac Muireadhaigh. Lámhscríbhinn í Leabhar Inghine Í Dhomhnaill ón gcéad leath den 17ú haois atá ar coimeád i leabharlann ríoga na Bruiséile (KBR, MS 6131–33).[3] Tá céad éigin go leith

[2]Cf. (i suímh chomhardaidh): mhuic : orrduirc, domhan : ealadhuin, uair : duan, rádh : clódh, dhúinn : cúl etc. Tá beagán dánta eile i bpeannaireacht Mhic Mhuireadhaigh foilsithe ag Matheson (1963, 1964) ar dócha gurb é an té a scríobh a chum; ach is beag le háireamh na lochtanna den chineál atá aitheanta in *Sona do cheird a Chalbhaigh* a thugtar faoi deara sna cóipeanna sin.

[3]Tá teacht anois (Nollaig 2019) ar na lámhscríbhinní Gaeilge san Bibliothèque royale de Belgique/Koninklijke Bibliotheek van België (KBR) ar Irish Script on Screen — Meamram Páipéar Ríomhaire (www.isos.dias.ie) maraon le clár sealadach ó údar an ailt seo (Breatnach 2019).

de dhuilleoga inti, agus is é atá sa chuid tosaigh di (fol. 1–27) sraith dánta in onóir do dhaoine éagsúla de Chlann Dálaigh Thír Chonaill (Uí Dhomhnaill).[4] Tá an chuid áirithe sin den leabhar scríofa den chuid is mó i bpeannaireacht shlachtmhar rialta ag dhá phríomhscríobhaí — rud a thaispeáineann gur mar dhuanaire foirmeálta a chuathas i mbun an leabhar a chur le chéile an chéaduair. Ach ní mar a chéile do na lámha atá sa chuid eile den leabhar (ó fol. 28r ar aghaidh) a bhíonn ar easpa slachta go minic, agus na leathanaigh líonta le hábhar meascaithe idir phrós is fhilíocht, a lán de gan baint in aon chor nó ar éigin aige leis na Dálaigh.


Tá na focail 'Leabhar Inghine Í Dhomhnaill' scríofa mar theideal ar chlúdach an leabhair i láimh dhéanach, agus thaispeáin Pól Breathnach i bhfad ó shin gurb í 'inghean' a bhí i gceist sa teideal sin ná Nuala (Nualaidh), iníon Aodha mhic Mhaghnais Uí Dhomhnaill, deirfiúr do na deartháireacha Aodh Ruadh, Rudhraighe agus Cathbharr (Walsh 1947: 179–205). Bhí sise sa chuideachta a d'fhág Éire in éineacht le hIarlaí Thír Eoghain agus Tír Chonaill i Meán Fómhair 1607 agus a bhain cathair Lobháin amach ar dtúis, sular ghluaiseadar ar aghaidh chun na Róimhe in Earrach na hathbhliana a bhí chucu. D'fhill sí ar an Ísiltír níos déanaí (*c.* 1613) agus fuair sí bás ann uair éigin roimh 1633. Roimh an am sin, mar sin, is ea a tosnaíodh ar an gcnuasach dánta a réiteach di.[5] Tháinig an t-imleabhar i seilbh Choláiste San Antoine na bProinsiasach ó Éirinn i Lobháin tar éis a báis, ní foláir; agus is ansin a tugadh faoin ábhar nach bhfuil dlúthbhainteach le Clann Dálaigh a bhreacadh isteach sa leabhar ó am go ham, i lámha difriúla a bhfuil cuid mhaith díobh aitheanta ó scríbhinní eile faoin tráth seo (Breatnach 2001: 380; 2007: 16–18; 2013: 144).

Is é rud is mó a thaispeáineann gurbh í Nuala an té ar cuireadh tús leis an leabhar ar a son, lasmuigh den teideal ar an gclúdach, ná tagairtí a bheith déanta di i roinnt dánta a bhfuil Eoghan Ruadh Mac an Bhaird luaite mar údar leo ann. Bhí dlúthcheangal oidhreachta ag Eoghan Ruadh le Clann Dálaigh agus le teaghlach athair Nuala go speisialta. Tá sé ainmnithe maraon léi mar dhuine den chomhluadar a d'fhág Éire leis na hIarlaí, agus do réir thuairisce ón bhfear féin sa dán leis *A bhean fuair faill ar an bhfeart*, mar a gcuireann sé forrán uirthi (Knott 1960) — tá cóip de ar fol. 22v de leabhar Nuala — bhí sé in éineacht léi sa Róimh bliain níos déanaí (1608) chun a deartháireacha Rudhraighe agus Cathbharr a fuair bás ann i mí Iúil a chaoineadh.[6] An fhianaise is luaithe ar chaidreamh an fhile léi ná dhá rann 'iargomhairc' ina honóir atá curtha leis an dán ar tagraíodh thuas dó agus a bhfuil cóip de ó láimh an fhile in KBR

[4]Aodh Ruadh Ó Domhnaill (5 dhán); Rudhraighe Ó Domhnaill (5 dhán); a ndeirfiúr Nuala (1 dán); a n-athair Aodh (mac Maghnais) (1 dán); a gcol ceathrar an tAlbanach Séamus Mac Domhnaill (1 dán); Aodh mac le Rudhraighe (3 dhán); Niall Garbh (an tréatúir, fear céile Nuala) (1 dán); Neachtain mac Néill Gh. (1 dán); Aodh Ruadh I (†1505) (1 dán); Domhnall Ó Domhnaill (†1420) (1 dán).

[5]Tá *laisser passer* dar dáta 1622 scríofa ar dhuille greamaithe leis an gclúdach cúil den lámhscríbhinn ón taobh istigh; feic an clár ar-líne (Breatnach 2019: KBR 6131–33, 'Inside back cover (c)'); cf. Walsh 1947: 186–7). Ós rud é nach fios cathain a greamaíodh an duille leis an gclúdach ní féidir an cháipéis féin a áireamh mar fhianaise gur 'tiomsaíodh' cuid an duanaire den lámhscríbhinn 'sa bhliain 1622' (*pace* Ó hUiginn 2007: 45).

[6]Feic thíos lch 316.



Pl. 1 KBR 6131–33, fol. 28r ©KBR

6131–33, *Dána an turas trialltar sonn* (Bergin 1970: uimh. 2). Do Rudhraighe Ó Domhnaill a cumadh é sin nuair a chuaigh sé go Baile Átha Cliath agus é ar a shlí go Londain chun glacadh lena ghradam mar 'Iarla Thíre Conaill' ó choróin Shasana sa bhliain 1603. Ar fol. 28rv sa leabhar atá an chóip (Pl. **1** KBR 6131–33, fol. 28r), í suite ag deireadh na coda foirmeálta den chnuasach ar na Dálaigh; agus tá na focail seo leanas scríofa os cionn tosach an dáin i dhá líne mar cheannscríbhinn.

> Dán do rin*n*iodh dia*r*la tíre conuill ant*ra*th tug u*mh*la*cht* do choroi*n* shaxan a*r* tús / Eoghan rúadh m*ac* an bhaird do rin*ne* ⁊ do sgriobh an dán so.

> 'A poem which was made for the Earl of Tyrconnell when he first made submission to the Crown of England / Eoghan Rúadh Mac an Bhaird made and wrote this poem.'

In alt dar teideal 'A poet's autograph in the Book of O'Donnell's Daughter' a foilsíodh scór blianta ó shin (Breatnach 2001) chuireas romham a thaispeáint gur féidir géilleadh sa tslánchruinne don cheannscríbhinn sin mar fhaisnéis údarásach iontaofa. Níl fúm mionsonraí na hargóna a thabhairt uaim arís anseo, dar ndóigh. Ach ní foláir roinnt príomhphointí a thabhairt amach is a threisiú le hionchas an téis atá luaite i dteideal an pháipéir reatha seo a chur i láthair.

2.

Foclaíocht na ceannscríbhinne

Is féidir solaoidí den fhoclaíocht 'do rinne agus do scríobh', nó a leithéid eile dlúthghaolmhar léi, a thabhairt faoi deara i gcolafain agus/nó nótaí ó scríobhaithe éagsúla i lámhscríbhinní ón 17ú agus ón 18ú haois, mar a mbíonn an chiall litriúil chéanna léi is atá bainte aisti sa cheannscríbhinn ar fol. 28r. Solaoid dár tagraíodh san alt thuasluaite ón mbliain 2001 is ea nóta sa lámhscríbhinn RIA 23 L 37 (scríofa idir 1706–1709) ón scríobhaí léannta Seaghan Stac, a chuir sé le cóip a thrascríobh sé as scríbhinn i láimh Dháibhí Uí Bhruadair de dhán dar tosach *Créad í an anbhuain so ar Éirinn* (Séafraidh Ó Donnchadha cct.). Gabhann véarsa le deireadh an téacs a chuir Ó Bruadair mar amhrán ceangail a chum sé féin mar chomaoin ar an téacs sa bhliain 1672. Tá gníomh na scríbhneoireachta agus na cumadóireachta dealaithe go soiléir sa bhfoirm focal lena dtagraíonn Seaghan Stac dá fhoinse (marcálta i gcló trom anseo).

> Dáibhith Ua Bruadair (trócaire ó Dhia dho) **do sgríobh an dán ⁊ do rine an t-abhran** tuas an 25 lá do Shamhara .i. Satharn Cingcíse na bliaghna 1672, & ar na aithsgríobh le Seaghan Stac lá St Pól a mbliadhain ar slánuighthe 1708/9. (RIA 23 L 37 (303), 158; Mac Erlean (1910–17), II: 12; cf. Breatnach 2001: 381.)
>
> 'D. Ó B. (God's mercy upon him!) wrote the poem and composed the above verse (*abhran*) on the 25th day of Summer [i.e. May], that is Pentecost Saturday of the year 1672 and it has been transcribed by Seaghan Stac on the feast of St Paul in the year of our salvation 1708/09.' (Breatnach 2001: 382.)[7]

Tá péire solaoidí eile den fhoclaíocht tugtha faoi deara agam i bhfoinsí atá comhaimsireach le Leabhar Inghine Í Dhomhnaill. Sa chéad chás tagraíonn an scríobhaí do dhán dar tús *Saothrach bocht in doman so* (8 r.) a ghabhann díreach roimh an nóta seo leanas aige:

[7] Tá mionathruithe déanta anseo ar an aistriúchán a sholáthair Mac Erlean (1910–17), II 13.

> Mise Aodhagán **do chum ⁊ do sgrīobh** na hocht rain*n* b*h*eaca si*n* *agus* is olc in dubh. Caoicīs ó [a]niu lā fhēil Brighde … 1619 (MacNiocaill 1960–1: 254 in eagar as RIA C II 3 (1218), 3*i* [16ú haois]; cf. Mulchrone 1942: 3270).
>
> 'I am Aodhagán who composed and wrote those eight little quatrains and the ink is bad. A fortnight from today is St Brigid's day … 1619.'

Sa chás eile seo a leanann tagraíonn fear an nóta a bhreacadh (sealbhúdóir na lámhscríbhinne) do dhán *Triallam go caisleán [an] cheóil* (4 r.)[8] a fuair sé roimhe inti, agus tá dealú déanta aige idir an t-údar a chum an téacs agus an scríobhaí (roimhe féin) a dhein an trascríobh:

> Mo bhendacht ar anmuin an tí **do rinde na roind sin tsúas** .i. Criostóir Fléimenn, & go madh slán don tí **do sgríobh íad** .i. Eoghan mhac Díarmada mo mhuighistir Gaoidheilge féin san leabhar sa anno 1628. Misi Sean Ó Farandán qui in illis diebus hunc possidebam. (UCD-OFM MS A 25, 127.2 = Dillon *et al.* 1969: 53)
>
> 'My blessing on the soul of him who composed the above quatrains, i.e. Criostóir Fléimenn, and long life to him who wrote them, Eoghan son of Díarmaid, my own tutor in Irish, in this book anno 1628. I am Sean Ó Farandán qui in illis diebus hunc possidebam.'

Tá solaoid amháin eile ar an úsáid ar mithid í a chur leis an bpéire deireanach, ach ar déanaí í de chéad bliain ná iad. Nóta é seo a chuir Cormac Ó Dálaigh (file, scríobhaí agus duine de lucht aitheantais Aogáin Uí Raithile) mar chríoch le cóip de dhán dá dhéantús féin, *Mo dhollsighe diachrach dianguirt rinnmhar* (71 + 4 stt.) i lámhscríbhinn nár tháinig slán di ach an blúire seo amháin (idir théacs is nóta).


> Marbhna an Atharr Maoghnuis Ui Chaoimh noch déag a[g] Ccuillinn Ui Chaoimh an seachtmhadha lá don miosa Mairt annsa mbliadhain daois an Tiagharna mile seacht ccéad agus aon bhliaghuinn deag ar fhithchid 1732 **iairna sgriobh agus na deanamh** le Cormac Ó Dálaigh. (LNÉ, G 470, lch 1 = Ní Shéaghdha 1987: 61.)[9]
>
> 'The elegy of Fr Maoghnas Ó Caoimh who died in Cuileann Uí Chaoimh on the seventh day of the month of March in the year of Our Lord one thousand seven hundred and thirty one, 1732 (*sic*), written and composed by Cormac Ó Dálaigh.'

[8] In eagar ag O'Rahilly (1927, uimh. 35 (feic lch 85 n.)); cf. O Nualláin (1939: 123–4).

[9] Lámhscríbhinn eile leis an scríobhaí seo ina bhfuil tuilleadh dá chuid cumadóireachta féin is ea LNÉ G 31.

Pailéagrafaíocht na duilleoige


Is mithid súil ghéar a chaitheamh ar an nduilleog a sholáthraíonn an cheannscríbhinn is cás linn ar an ócáid seo (Pl. **1** KBR 6131–33, fol. 28r, lch 310 thuas), agus aird a dhíriú ar roinnt nithe speisialta. Ar an gcéad dul síos tugtar faoi deara go bhfuil téacs an dáin féin scríofa go han-chóngarach don imeall clé; tá an cheannscríbhinn bogtha isteach go lár na duilleoige os a chionn; agus tá toisí laghdaithe ag baint leis an gceannscríbhinn i gcomórtas leis an téacs a leanann í. Thar aon rud eile is gá a lua go bhfuil dhá láimh éagsúla le haithint sa cheannscríbhinn. Le dúch dubh a scríobhadh an chéad líne a thugann cuntas ar an ábhar; agus is le dúch donn a breacadh an líne ina diaidh, a sholáthraíonn ainm an údair. Tá difríochtaí suntasacha idir foirmeacha na litreacha san dá líne agus tá léiriú faoi leith le feiscint ar cheann de na difríochtaí sin sna foirmeacha atá ag an litir *d* iontu faoi seach (Pl. **1a** KBR 6131–33, fol. 28r1–2).



Pl. 1a KBR 6131–33, f. 28r (ll. 1–2) ©KBR

Trí fhoirm dhifriúla ar a laghad atá ag ***d*** sa chéad líne (***d***án/***d***o/***d***iarla; rinnio***dh***; agus ***d***o (choroi*n*)), ach níl aon cheann de na foirmeacha sin le cur in ionannas leis an gcrot atá ag ***d*** sa dara líne, a bhfuil cúig cinn de shamplaí di os ár gcomhair. Ins gach cás acu sin (rúa***dh***, bhair***d***, ***d***o, ***d***o, ***d***án) tá an scríob i mbarr na litreach tairgthe i dtreo an taoibh chlé ach titim nó log éadrom le haithint go soiléir ina lár. Scéitheann an fhoirm litreach sin ar an té a scríobh an líne. Mar tá an pheannaireacht chéanna tugtha faoi deara agam in áit eile sa lámhscríbhinn, ar fol. 38r–39v, ach toisí rialta a bheith aici. Aithnímid ón stíl dheascríofa, rithimiúil a bhaineann sa bhall sin léi gurb í peannaireacht an mhórscríobhaí cháiliúil ón 17ú haois, an Bráthair Míchéal Ó Cléirigh, atá inti.[10] Is é tábhacht is mó atá le toradh ár gcuid scrúdaithe ná seo: an Bráthair Míchéal a bheith mar fhínné leis gurbh é Eoghan Ruadh Mac an Bhaird *do rinne* ⁊ *do sgriobh* an téacs — caint nach bhféadfadh aon bhrí eile a bheith leis, mar a chonaiceamar, ach *qui scripsit composuit*. Lucht comhaimsire dá chéile ab ea Mac an Bhaird agus an Bráthair Míchéal, dar ndóigh, agus aithne ar a chéile acu ó ba Chonallaigh iad, agus ón mbaint a bhí acu araon le Coláiste San Antoine i Lobháin. Is amhlaidh a chuireann an t-eolas ar na lámha ar ár gcumas *terminus ante* socair a lua le cóip an dáin sa lámhscríbhinn. Bhí Ó Cléirigh ag obair in Éirinn ar feadh tuairim agus dosaen bliain ó 1626 ar aghaidh, ag cóipeáil lámhscríbhinní agus ag déanamh léinn. D'fhill sé ar Lobháin sa bhliain 1637 agus fuair bás ann 1643 (Breatnach 1999: 13), i dtreo gur uair éigin in imeacht an leathdosaen bliain sin a bhí ár lámhscríbhinn os a chomhair.

[10]Do thréithe na peannaireachta a chleacht an Br Míchéal, feic Breatnach (2013: 133–62, agus go háirithe lgh 135, 144).



Pl. 1b KBR 6131–33, fol. 28r3–12 (mír) [= ll. 1–10] ©KBR


Maidir leis an láimh eile a scríobh an chéad líne den cheannscríbhinn, is fuiriste a fheiscint gurb ionann í agus an lámh a bhreac téacs an dáin féin (Pl. **1b** KBR 6131–33, fol. 28r3–12 [= ll. 1–10]). Peannaireacht dhlúth dhithneasach neamhfhoirmeálta atá inti seo. Tá titim dhomhain i dtreo an taoibh dheis aici a thugann cuma fhiarthrasna di, agus í cúinneach, rinneach. Tá an cháilíocht mhear atá ag baint léi le feiscint thar rud ar bith eile san símpliú i struchtúr litreacha áirithe, mar shampla *e* ina bhfuil idir chluas is teanga rite isteach in aon mhion-scríob amháin (Pl. **1a** l. 1 tír*e*, Pl. **1b** l. 5 roimh*e*); *a*, is í oscailte níos minicí ná a mhalairt (Pl. **1b** l. 2 huaisleacht*a*); *g* le bogha scríofa in aon stróc uilleach amháin faoin mbarr-scríob (Pl. **1a** l. 1 tu*g*); *r* agus *s* mar a bhfuil an scríob ghualann nach mór in easnamh (Pl. **1a** l. 1 tú*s*, Pl. **1b** l. 4 caid*r*eabh); agus na suas-scríobanna i gcás *l* agus *h* a bhíonn an-mhinic gan aon *serif* (nó 'cleite') (Pl. **1a** l. 1 iar*l*a, Pl. **1b** l. 2 eac*h*dra).

Tréithe suaithinseacha peannaireachta is ea an tiús méadaithe a thaispeáineann san suas-scríob i gcás *h* (agus í iarracht beag cuartha seachas díreach) (Pl. **1b** l. 9 *h*imreadh), sna síos-scríobanna i gcás *s*, *f*, *r* faoi seach (l. 5 'chúi*s*', l. 3 '*fh*loinn', l. 4 neacht*r*anda), agus atá le haithint i gcás an charachtair *q* (= ar, air < *quia*) agus go háirithe sna nasclitreacha *di* (l. 9 *dhi*ach),[11] *de* (l. 10 *dhé*is*di*n). Tá an tréith sin, leis, ag baint le barr na litreach *d* sna foirmeacha is coitianta a bhíonn aici agus ar tagraíodh do phéire díobh a bheith sa cheannscríbhinn ó chianaibh, viz. (i) foirm amháin ina síneann an bharrscríob suas le cúinne géar 45° faoi os cionn na litreach roimpi (bíonn an tsúil bhuin uilleach sna cásanna sin de ghnáth) (l. 7 'iom*d*a'); (ii) foirm eile ina gcríochnaíonn an bharrscríob shínte chéanna le cor beag is é casta suas agus aniar (Pl. **1** l. 13 (aca) iom*dh*a); (iii) foirm ina bhfuil idir shúil bhuin an-bheag agus drom tite le chéile in aon chuarscríob amháin (Pl. **1a** l. 1 *d*o, Pl. **1b** l. 9 Atái*d*); agus (iv) foirm uingeach úsáidte mar cheannlitir nó mar ghnáthlitir ina bhfuil an barr tarraingte ar chlé ina scríob chothrom dhíreach (Pl. **1a** l. 1 *D*án, Pl. **1b** l. 1 *D*ána).

[11] Cf. foirm eile, Pl. **1** l. 14 *di*ongna.

3.

I ndiaidh dom an cás a dhéanamh maidir le cé scríobh an chóip de *Dána an turas trialltar sonn* ar fol. 28rv de KBR 6131–33 (agus ceann feadhna na gCeithre Máistrí mar fhínné leis, dar ndóigh), tháinig eiseamláir eile den pheannaireacht cheanann chéanna faoi mo láimh i scríbhinn phróis atá ar fáil ar dhuilleog aonair atá ceangailte isteach le hábhar eile ó Lobháin in imleabhar i gcnuasach na bProinsiasach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, UCD-OFM A 14, fol. ixrv (Pl. **2** UCD-OFM A 14, fol. ixr [mír shamplach]).[12]



Pl. 2 UCD-OFM A 14, fol. ixr (mír shamplach) © UCD-OFM Partnership

Sraith de mheamraim ghearra atá mar ábhar sa duilleog seo a thráchtann ar ghnéithe éagsúla de stair Thír Chonaill. Tá an téacs ón dá thaobh breac le ceartúcháin agus le leasuithe i láimh an scríobhaí — focail scriosta amach agus an leagan ceartaithe scríofa á leanúint nó mar choigeartú os cionn an fhocail scriosta, agus bearnaí fágtha idir na míreanna le líonadh uair éigin níos déanaí. Foilsíodh staidéar ag cur síos ar ábhar agus ar phailéagrafaíocht na duilleoige seo beagán blianta ó shin in alt in *Éigse* 36 (Breatnach 2008), mar a bhfuil an argóint déanta gurb é atá sa scríbhinn ná plean garbh, a raibh tráchtas níos iomláine beartaithe a bhunú air, ina bpléifí gnéithe éagsúla de stair Thír Chonaill ó aimsir Naomh Pádraig; ina léireofaí ar an dílseacht a thaispeáin na Conallaigh riamh dá gcreideamh; agus ina dtabharfaí tuairisc ar a dtailte, a gcearta agus a gcíosa, anuas go dtí imeacht na nIarlaí ó Éirinn. Tá fianaise i riocht macallaí follasacha i ndánta éagsúla de dhéantús Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird ag tagairt don phrós nó *vice versa*, a dheimhníonn (*sine dubio* mar is féidir a rá) gurbh eisean a dhréacht agus a bhreac síos an t-ábhar. Lasmuigh den tábhacht a bhaineann leis an duilleog mar dhréachtcháipéis stairiúil a léiríonn ar ghné shuaithinseach de ghníomhaíocht Eoghain Ruaidh féin i dtosach an ama a chaith sé thar lear — dáta éigin idir Meán Fómhair 1607 agus Iúil 1608 atá curtha i gcás di san alt — tá sí le háireamh mar a bheadh cnó mullaigh ar an argóint ar son an lipéid úd *do rinne* 7 *do sgriobh* a thagairt do chóip an dáin *Dána an turas trialltar sonn.*

Is é is mian liom a dhéanamh sa chuid eile den chur síos láithreach ná a thaispeáint go bhfuil níos mó ná a bhfuil pléite go dtí anois de scríbhinní Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird (an chóip de *Dána an turas* agus an prós úd) tar éis teacht slán óna láimh féin. Tá an t-ábhar breise le fáil san fhoinse chéanna le *Dána an turas trialltar sonn*, ach é a bheith gan aithint sa cháilíocht sin roimhe

[12]Tá teacht ar íomhánna an chnuasaigh UCD-OFM (i seilbh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) ar www.isos.dias.ie. Cf. Breatnach (2008: 48–9 (plátaí 1(a), 1(b); 2011: 159 (plátaí 13, 13a)).

seo. Is é atá i gceist ná leathdosaen de dhánta is iad scríofa i mbéal a chéile ar leathdosaen duilleog, idir fol. 22r agus 27v, ag críochnú ar thaobh *verso* na duilleoige roimh chóip an fhile de *Dána an turas trialltar sonn* (atá ar fol. 28). Cuimsíonn na leathanaigh seo an dara comhchuid de mhír thosaigh fhoirmeálta úd na lámhscríbhinne dár tagraíodh níos luaithe (lch 309 thuas) agus a bhfuil dhá phríomhscríobhaí le haithint inti. Na dánta seo atá i gceist, is iad i láimh an dara príomhscríobhaí, táid in ord a chéile sa lámhscríbhinn mar seo leanas:

22r *Truagh do chor a chroidhe tim* (do Rudhraighe Ó Domhnaill)

22v *A bhean fuair faill ar an bhfeart* (do Nuala iníon Aodha mhic Mhaghnais)

24r *Ionmholta an t-óglách nach diongnadh* (do Shéamus Mac Domhnaill)


25v *Cia re bfáiltigh fían Eirne* (d'Aodh mac Rudhraighe Uí Dhomhnaill)

26r *A bhráighe ata a ttor Lunndan* (do Niall Garbh Ó Domhnaill)

27r *Mairg as bráighe ar mhacruidh Murbhuigh* (do Neachtain mac Néill Ghairbh Uí Dhomhnaill).

Is féidir tagairt do fol. 25v anseo mar dhuilleog shamplach (Pl. **3** KBR 6131–33, fol. 25v). Ach roimh dhíriú ar na sonraí pailéagrafaíochta a bhaineann leis an gcomhchuid faoi leith den lámhscríbhinn lena mbaineann sí a chur síos, agus iad a thagairt d'fhianaise na duilleoige atá ag teacht ina diaidh (fol. 28r), is gá a rá nach bhfuil aon ainm údair luaite i láimh an scríobhaí féin leis na dánta atá le chéile anseo, ach an oiread agus atá a leithéid curtha leis an gcóip de *Dána an turas trialltar sonn* ag an té a scríobh an téacs féin, mar a chonaiceamar. Dála mar a tharla sa chás eile sin, áfach, is ann a scríobhadh ainm Eoghain Ruaidh isteach i lámha éagsúla níos déanaí os cionn trí cinn de na dánta atá i dtreis (*Truagh do chor a chroidhe tim* fol. 22r, *A bhean fuair faill ar an bhfeart* fol. 22v, *Cia re bfáiltigh fían Eirne* fol. 25v), agus tá fianaise ó fhoinsí eile le fáil a dheimhníonn a údaracht dúinn sna trí chás sin — mar atá chomh maith i gcás dhá dhán eile díobh, *A bhráighe atá a ttor Lunndan* (fol. 26r) (Mac Cionnaith 1938: uimh. 63), agus *Mairg as bráighe ar mhacruidh Murbhuigh* (fol. 27r) (McKenna 1939–40: uimh. 25). Is é *Ionmholta an t-óglách nach diongnadh* (Walsh 1931: 43–6) an t-aon dán díobh nach bhfuil deimhniú ó fhoinse lasmuigh den lámhscríbhinn seo air gurbh é Eoghan Ruadh a chum, mar is í seo an t-aon chóip amháin atá ar fáil de. Ach bíodh sé sin mar atá, i liosta i láimh dhéanach ar fol. 148r den lámhscríbhinn seo tá Eoghan Ruadh luaite mar údar leis.[13]


[13]Is cóir a lua go mbaineann an cás céanna maidir le tuairisc ar údair na ndánta atá sa chuid den lámhscríbhinn a ghabhann roimh an mír di atá faoi chaibidil; i lámha déanacha atá ainmneacha na n-údar scríofa isteach i bhformhór gach cás sa chuid tosaigh sin, leis. I measc a bhfuil ainmnithe sa chuid sin tá na filí Fearghal Óg Mac an Bhaird, Eochaidh Ó hEódhusa, Giolla Brighde Ó hEódhusa agus Eoghan Ruadh Mac an Bhaird féin — a bhfuil péire de dhánta leis i gceist.



Pl. 3 KBR 6131–33, fol. 25v © KBR

Míníodh cheana féin go gcuimsíonn na duilleoga fol. 22r–27v (ar a bhfuil an leathdosaen de dhánta le hEoghan Ruadh le chéile iontu) an dara comhchuid den mhórmhír thosaigh fhoirmeálta den lámhscríbhinn a bhfuil dhá phríomhscríobhaí le haithint inti. Tá an chomhchuid a ghabhann roimh an gcuid seo den lámhscríbhinn (fol. 1r–19v, is é sin) níos faide go mór ná an ceann áirithe seo, mar is léir.[14] Scríobhaí anaithnid a scríobh an scór duilleog tosaigh — tá dosaen éigin dánta i gceist — i láimh nach bhfuil buailte liom in áit ar bith eile (Pl. **4** KBR 6131–33, fol. 1r1-8 [mír shamplach]). Stíl lánfhoirmiúil na mionpheannaireachta traidisiúnta a chleachtann an scríobhaí sin, agus í ag oiriúint

[14]Fágtar na fol. 20r–21v as áireamh anseo mar gur duilleoga iad a líonadh isteach níos déanaí i bpeannaireacht eile.




Pl. 4 KBR 6131–33, fol. 1r1–8 © KBR

don aidhm thíodhlacúil lenar tosnaíodh ar an leabhar a chur le chéile. Tuairim 24 líne atá in aghaidh na duilleoige, leathrann in aghaidh gach líne, ceannlitir le tosach gach rainn agus spás fial idir í agus an téacs. Tá seasamh ingearach faoi na litreacha agus a bhfoirmeacha agus a dtoisí socair snoite agus mós mór, agus iad ar comhaoirde tríd an líne; is fiú ceann faoi leith a thógaint d'fhoirm na litreacha i ndeireadh línte, iad méadaithe go minic (i riocht cinnlitreacha ar uairibh) ar mhaithe le cuma shiméadrach a thabhairt don láithriú.

Murab ionann agus an chéad chomhchuid sin den mhír fhoirmeálta lena dtosnaíonn an leabhar, tá mianach neamhthraidisiúnta ón dtaobh peannaireachta de ag roinnt leis an gcomhchuid atá i láimh an dara príomhscríobhaí, ina bhfuil na sé dhán dár tagraíodh le Mac an Bhaird curtha síos. Nochtann an eilimint neamhthraidisiúnta í féin i bpéire tréithe go háirithe, (i) sa mhéid gur toisí laghdaithe atá ag na litreacha, agus (ii) sa mhéid go bhfuil claonadh i dtreo an taoibh dheis ag roinnt leo, murab ionann agus an seasamh ingearach atá sa pheannaireacht thraidisiúnta (Pl. **3** KBR 6131–33, fol. 25v). Cuireann an ghné chlaon seo mar a bheadh siúl imeachta faoi pheann an scríobhaí. Tréith shainiúil í sin a bhaineann leis an stíl pheannaireachta thapaidh nó chúrsach, an *cursiva*, a thagann chun cinn go forleathan in obair scríobhaithe na Gaeilge go luath sa chéad leath den 17ú haois agus a chítear i bpáirteanna móra d'Annála Ríoghachta Éireann na gCeithre Máistrí, cuirim i gcás.[15] Ach cé gur leis an gcineál stíle neamhthraidisiúnta sin a bhaineann carachtar na láimhe sna dánta atá ar na duilleoga seo ar an mórgóir, níl an símpliú céanna ar litreacha áirithe a shamhlaítear leis an nós comhaimseartha (agus a chonaiceamar i láimh Mhic an Bhaird ar fol. 28r, mar shampla) le tabhairt faoi deara i gcónaí inti, ach iad níos minicí ná a mhalairt sa riocht ina scríobhtar iad sa pheannaireacht thraidisiúnta. (Feictear Pl. **5** KBR 6131-33, fol. 25v22–27 [= ll. 1-6]: *e* ag deireadh líne 2 (oil*e*) agus ag deireadh na líne a leanann (iomthúidh*e*), mar shampla; bíonn *a* triantánach agus *a* oscailte ag malartú mar an gcéanna, l. 3 (t*a*isbentar *a*ighthe) vs. l. 2 (tarl*a*, n*a*ch).) Is comhartha soiléir iad na foirmeacha traidisiúnta a bheith measctha tríd an scríbhneoireacht go raibh scríobhaí na nduilleog seo meáite ar láimh néata fhoirmiúil a chleachtadh a bheadh ionchurtha i gcúrsaí aontachta, rialtachta

[15]Do chur síos ar phréamhú agus fás an stíl pheannaireachta seo feic Breatnach ([2011=] 2015: 140 *seq*., go háirithe).




Pl. 5 KBR 6131–33, fol. 25v21–6 [= ll. 1–6] © KBR

agus slachta, le saothar an chéad phríomhscríobhaí a chuaigh roimhe is a chuir tús le scríobh an leabhair.

* * *

Óna bhfuil ráite go dtí seo i dtaobh mhianach na peannaireachta trí chéile sna leathanaigh atá curtha i gcomórtas, ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil difríochtaí le háireamh idir scríbhneoireacht na nduilleog a bhfuil an leathdosaen dánta le hEoghan Ruadh orthu (fol. 22–7) agus an lámh atá luaite sa lámhscríbhinn féin mar autograf leis an bhfile sin (fol. 28). Dá chomhartha sin, mar shampla, níl rian an dithnis mhóir a aithníodh faoi láimh Mhic an Bhaird ar fol. 28r le feiscint sna duilleoga eile, ná an dlús céanna sa líon línte a bhfuil slí dóibh ar an leathanach ach oiread. (Tá ceithre líne de théacs ar fol. 28r de bhreis ar a bhfuil sna duilleoga eile seo.) Chomh maith leis sin níl an claonadh measartha atá ag peannaireacht na nduilleog seo i dtreo an taoibh chlé in aon ghiorracht do bheith chomh domhain leis an gclaonadh a thugann an chuma chúinneach rinneach do pheannaireacht an duille eile (ar fol. 28).

Ach ina choinne sin is uile, tá mórchosúlachtaí foirme idir an dá scríbhinn a oireann, sílim, chun aon tuairim a chur ar neamhní go bhfuil na difríochtaí eatarthu le tagairt do scríobhaithe difriúla. Tá an tiús méadaithe a chonacthas ar fol. 28r sna suas-/ síos-scríobanna i gcás *h*, *s*, *f*, *r* le feiscint go rialta ar na duilleoga seo (Pl. **6** KBR 6131-33, fol. 25v2–11 [= ll. 1–10]: l. 9 máig*h*e, *s*iobhaine), agus é ar taispeáint go láidir sna nasclitreacha *de df* (l. 10 aoi*dhe*, *df* híadhughadh). Thar aon tsaintréith eile, áfach, b'fhéidir gurb é an t-*i*onannas i gcúrsaí an rogha foirmeacha den litir *d* féin a chastar orainn san dá scríbhinn (l. 1 cai*d*he, l. 2 a*d*bath, l. 3 fes*d*, l. 5 ao*d*ha, *d*anbhuain) agus an tiús a bhaineann le barrscríob na litreach sin iontu (l. 1 cai*d*he, l. 5 ruai*dh*, etc.), a thugann an mhéar ar eolas is láidre — lasmuigh d'ionannas an mhianaigh neamhthraidisiúnta atá á roinnt acu — gur leis an scríobhaí céanna an pheannaireacht san dá scríbhinn.



Pl. 6 KBR 6131–33, fol. 25v2–11 [= ll. 1–10] © KBR

4.

Dá ainneoin a bhfuil bailithe d'fhianaise anseo ar chomhúdaracht an leathdosaen dánta ar fol. 22–7 de Leabhar Inghine Uí Dhomhnaill, agus ar an ionannas peannaireachta idir na duilleoga agus lámh dhearbhaithe Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird atá ar fol. 28, níorbh ionadh é dá mbeadh ruainne amhrais ann fós ar cheart glacadh leis an gcomhchuid seo den lámhscríbhinn i gcáilíocht mar autograf, nuair nach bhfuil aon trácht ná scrúdú déanta san argóint fós ar an stádas téacsúil a bhaineann le foirm na ndánta aonair ina gceann is ina gceann. Tagraíodh cheana ar ndóin do na lochtanna a fuarthas ar an autograf a tháinig slán den dán úd *Sona do cheird, a Chalbhaigh* leis an bhfile Cathal Mac Muireadhaigh (lch 308 thuas). Agus tá curtha in úil mar an gcéanna maidir leis an gcóip den dán *Dána an turas trialltar sonn* a sholáthraíonn KBR 6131–33 go bhfuil tuaiplisí foirme ar aon dul le fáil inti. Ach tá an t-áiteamh déanta cheana in áit eile agam i dtaobh na lochtaí atá ar scríbhinn an dáin le hEoghan Ruadh gur sa mhórdhithneas follasach lenar breacadh an téacs atá a míniú sin le lorg tríd is tríd. Ní hé sin amháin é, ach is féidir a thaispeáint chomh maith go bhfuil roinnt léamha san autograf de *Dána an turas trialltar sonn* atá níos údarásaí ná iad siúd atá ag freagairt dóibh i gcóipeanna den dán céanna a tháinig anuas ó scríobhaithe eile.[16]

Maidir leis an sraith dánta a ghabhann roimh *Dána an turas trialltar sonn* sa lámhscríbhinn, agus atá curtha i láthair, mar a dúradh, i bhfoirm shlachtmhar dhea-scríofa, is ar éigin ab fhéidir oiread is réasún substainteach amháin a lua ón dtaobh téacsúil de chun a bheith drochamhrasach ar a bhfuil d'fhianaise cruinnithe cheana gurb é Eoghan Ruadh féin *do rinne 7 do sgríobh*. Dá chomhartha sin, nuair a chuir an tAimhirgíneach an chéad dán sa tsraith thuas in eagar, *Truagh do chor a chroidhe tim*, agus é sin gan dul i muinín aon chóipe eile de seachas cóip na lámhscríbhinne seo amháin (Bergin 1970: uimh. 4), níor ghá dhó imeacht ón lámhscríbhinn ach trí huaire sa téacs foilsithe. Ní raibh de choigeartú le déanamh in aon chás díobh ach mionfhabht litrithe a leasú

[16]Don fhianaise féach Breatnach (2001: 383).

('róimh' go *róibh*, 'sinn' go *sionn*, agus '-gh' go *-dh* faoi dhó); lasmuigh de sin tá an téacs gan cháim.[17] Mar an gcéanna, bhunaigh Eleanor Knott an t-eagrán a d'fhoilsigh sí den dara dán sa tsraith, *A bhean fuair faill ar an bhfeart* — ar ar ghlaoigh sí 'the noblest and most moving of all the known elegies in the classical style' — ar théacs na lámhscríbhinne seo amháin (Knott 1960), agus níor aithin sí údar ar bith chun imeacht uaidh ach i gcás péire mionearráidí litrithe ab éigin a leigheas (12*c* 'dhuit' leasaithe go *dhuibh* (: *bhfuil*), 38*c* 'raibh' leasaithe go *rabh* (: fagh)). An tAthair Pól Breathnach a chuir an tríú dán sa tsraith i gcló, *Ionmholta an t-óglách nach diongnadh*, arb í cóip an leabhair seo an t-aon chóip de a tháinig slán; agus arís ní bhfuair de locht uirthi ach an dá mhionearráid (1*c*) 'toil' > *tal* (: ghar), agus (7*b*) 'bpríosún' > *bríosún* (chun uaim a sholáthar le *brághad*)[18] (Walsh 1931).

Is ionann cás, mar is mian liom a áiteamh, do na trí dhán eile sa tsraith, viz. *Cia ré bhfáiltigh fian Éirne*, *A bhráighe atá a ttor Lunndan*, *Mairg as bráighe ar mhacruidh Murbhuigh*. Tá trácht ar a gcáilíocht seo foilsithe in áit eile agus an bhreith tugtha maidir leis an téacs a sholáthraíonn KBR 6131–33 i gcás an chéad dán acu (*Cia ré bhfáiltigh*) ansin ná go bhfuil sé saor ó locht a bheag nó a mhór — 'virtually error-free' (Breatnach 2010a: 114). Tarlaíonn go bhfuil cóipeanna den dán céanna agus den phéire a leanann é le fáil i Leabhar Uí Chonchobhair Dhoinn (1631) chomh maith, mar a bhfuilid scríofa san ordú céanna is atá orthu in KBR 6131–33, agus léiríonn mionchomparáid idir na leaganacha sna trí chás gur fearr an téacs a thugann leabhar na Bruiséile uaidh ná mar a thugann an leabhar eile. Seo mar atá tátal na hanailíse orthu curtha síos san alt thuasluaite:

> The high degree of textual accuracy in **B10** [= Book of O'Donnell's Daughter] and Eóghan Ruadh Mac an Bhaird's proven connection with that manuscript make it probable that the installation of this group of his compositions in **B 10** was from a copy of his own making. (Breatnach 2010a: 114)

Dá mbeinn á scríobh sin anois, in áit a rá 'from a copy of his own making', is é ab fhearr liom a bheadh curtha síos ná 'by his own hand' — *qui scripsit ille composuit*.

Leabharliosta

Bergin, Osborn 1970: *Irish Bardic Poetry*, ed. by David Greene and Fergus Kelly (Dublin).

Bisang, Walter and Schmidt, Maria Gabriela (Hrsg.) 2001: *Philologica et Linguistica. Historia, Pluralitas, Universitas* (Festschrift Helmut Humbach) (Trier).

[17]Tá botún cló sa téacs foilsithe i r. 12*d* mar a bhfuil *fhionnmhúir* in áit 'fhonnmhúir' (: *gcomhrúin*), agus is amhlaidh a fágadh an rann iargomhairc atá sa lámhscríbhinn (ag tagairt do Bhrighid, iníon Iarla Chill Dara agus céile pósta Iarla Thír Chonaill) ar lár san eagrán; cf. Breatnach (2008a: 140–2).

[18]Leasú neamhriachtanach is ea an dara ceann mar is léir ón mbailiú samplaí de *(b)p-* ag freagairt do *p-* i riocht uama atá cruinnithe ag Ó Riain (2017: 180 (c) i-iv).

BREATNACH, LIAM, Ó HUIGINN, RUAIRÍ, MCMANUS, DAMIAN and SIMMS, KATHARINE (eds) 2015: *An XIV Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach, Maigh Nuad 2011/Proceedings XIV International Congress of Celtic Studies, Maynooth 2011*. (Baile Átha Cliath / Dublin).

BREATNACH, PÁDRAIG A. 1999: 'An Irish Bollandus: Fr Hugh Ward and the Louvain hagiographical enterprise', *Éigse* 31, 1–30.

——, 2001: 'A poet's autograph in the Book of O'Donnell's Daughter', in Bisang and Schmidt (2001: 377–83).

——, 2007: 'Repertoria manuscriptorum Collegii S. Antonii' in Breatnach *et al.* (2007: 3–20).

——, 2008: 'Scríbhinní i láimh Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird', *Éigse* 36, 43–62 (le pláta).

——, 2008a: 'Varia', *Éigse* 36, 138–44.

——, 2010: *On the Ó Cléirigh Recension of Leabhar Gabhála* (Dublin). (Athchló mar aon le plátaí as *Éigse* 37, 1–57).

——, 2013: *The Four Masters and their Manuscripts. Studies in Palaeography and Text* (Dublin).

——, 2015: 'Irish handwriting in the seventeenth century', in Breatnach *et al.* (2015: 137–64).

——, 2019: *Online Catalogue of Manuscripts in the Irish Language in the Bibliothèque Royale de Belgique / Koninklijke Bibliotheek van België*. https://www.isos.dias.ie.

——, BREATNACH, CAOIMHÍN, and NÍ ÚRDAIL, MEIDHBHÍN (eds) 2007: *Léann Lámhscríbhinní Lobháin*: *The Louvain Manuscript Heritage*, Éigse Publications 1 (Dublin).

CARNEY, JAMES (ed.) 1968: *Celtic Studies. Studies in Memory of Angus Matheson 1912–1962* (London).

DILLON, MYLES, MOONEY, CANICE and DE BRÚN, PÁDRAIG 1969: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Franciscan Library Killiney* (Dublin).

GREENE, DAVID 1968: 'A satire by Cathal Mac Muireadhaigh', in Carney (1968: 51–5).

KNOTT, ELEANOR 1960: 'Mac an Bhaird's elegy on the Ulster lords', *Celtica* 5, 161–71.

MAC CIONNAITH, LÁIMHBHEARTACH 1938: *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath).

MAC ERLEAN, JOHN C. 1910–17: *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair*, I–III, *ITS* 11, 13 and 18 (London).

MCKENNA, LAMBERT 1939–40: *Aithdioghluim Dána* I–II, *ITS* 37, 40 (Dublin).

MAC NIOCAILL, GEARÓID, 1960–1: 'Saothrach bocht in doman so', *Éigse* 9/4, 253–4.

MATHESON, ANGUS, 1963: 'Poems from a manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh (I)', *Éigse* 10/4, 270–8.

——, 1964: 'Poems from a manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh, II–IV', *Éigse* 11/1, 1–17.

MULCHRONE, KATHLEEN 1942: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy, Fasc. XXVI* (Dublin).

Ní Shéaghdha, Nessa 1987: *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland, Fasc. X* (Dublin).
Ó hUiginn, Ruairí 2007: 'Somhairle Mac Domhnaill agus *Duanaire Finn*', in Breatnach *et al.* (2007: 42–53).
Ó Nualláin, Caoimhghin 1939: 'Dún na mBárc', *Éigse* 1/2, 123–4.
O'Rahilly, Thomas F. 1927: *Measgra Dánta: Miscellaneous Irish Poems*, Part I (Cork).
Ó Riain, Gordon (ed.) 2017: *Dá dTrian Feasa Fiafraighidh: Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition* (Dublin).
——, 2017a: 'A fragment of an early modern tract on grammar and metrics', in Ó Riain (2017: 131–86).
Walsh, Paul 1947: 'The Book of O'Donnell's Daughter', in Colm O Lochlainn (ed.) *Irish Men of Learning* (Dublin), 179–205.
——, 1931: 'Interpretanda', *Irisleabhar Mhuighe Nuadhat*, 37–43.

Pádraig A. Breatnach
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath